GA

# Clár Oibre 2024+

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# RÉAMHRÁ



Chonaiceamar go léir an tsraith géarchéimeanna a tharla le déanaí agus a rinne díobháil do shaol shaoránaigh an Aontais, agus in amanna chuir siad sin isteach go díreach orainn. Tá cumas suntasach léirithe ag an Aontas agus a Bhallstáit chun freagairt ar bhealach tapa agus le bearta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá dúshláin thromchúiseacha fós amach romhainn. Léirítear i gClár oibre 2024+ a thiomanta atáimid ár gcuid oibre a dhíriú ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar díreach acu ar dhea-bhail shaoránaigh an Aontais.

Cuimsítear i bhfreagairt an Aontais ar na géarchéimeanna sin réimse beartas a dtacaítear leo le cistiú suntasach atá ar fáil ó bhuiséad traidisiúnta an Aontais agus ó na cistí téarnaimh faoin tionscnamh 'NextGenerationEU' (NGEU). Ní hamháin go bhfuil rioscaí buiséadacha méadaithe ag baint le méadú suntasach ar chaiteachas, ach tá dúshláin ag baint leis freisin maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a choinneáil ar bun agus éifeachtacht na hidirghabhála poiblí a áirithiú.

Ullmhaíodh Clár oibre 2024+ le haird ar na dúshláin sin. Is é an ról atá againn mar iniúchóir seachtrach agus neamhspleách an Aontais ná a sheiceáil go mbailítear agus go gcaitear cistí an Aontais i gcomhréir leis na rialacháin agus na rialacha ábhartha, agus go mbaineann siad na torthaí atá beartaithe amach. Gheobhaidh tú thíos liosta de **73 thuarascáil speisialta agus athbhreithniú** atá beartaithe againn a fhoilsiú in 2024 agus 2025. Thairis sin, foilseoimid go bliantúil ár dtuarascálacha bliantúla a léiríonn torthaí ár gcuid oibre san iniúchóireacht airgeadais agus chomhlíontachta.

***Is é Iomaíochas eacnamaíoch an Aontais*** ár gcéad réimse straitéise, agus is é is ábhar do thascanna iniúchóireachta amhail claochlú digiteach, intleacht shaorga agus margaí saothair.

Clúdaítear **an tslándáil agus an imirce** lenár gcuid oibre iniúchóireachta faoin réimse tosaíochta straitéise ***Athléimneacht i leith bagairtí ar shlándáil an Aontais, agus urraim do luachanna Eorpacha na saoirse, an***

***daonlathais agus an smachta reachta***, ina bhfuil tascanna iniúchóireachta againn i réimsí amhail cúnamh d’imircigh agus do dhídeanaithe, soghluaisteacht mhíleata agus an smacht reatha.

Colún tábhachtach eile dár gclár iniúchóireachta is ea an **comhrac i gcoinne an athraithe aeráide dhomhanda** faoin réimse tosaíochta straitéisí ***An t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha***. Tá sé beartaithe againn tuarascálacha a fhoilsiú a chlúdaíonn réimse leathan topaicí, lena n-áirítear forbairt líonraí cliste fuinnimh, oiriúnú don aeráid agus an clár LIFE.

Ar fud na réimsí straitéiseacha uile, tá sé beartaithe againn scrúdú a dhéanamh ar **an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)**, lena gclúdaítear topaicí amhail córais rialaithe sna Ballstáit, agus colúin ghlasa agus dhigiteacha na hionstraime. Tá roinnt iniúchtaí tiomnaithe do réimse comhthreomhar eile: **calaois a chomhrac.**

Cé go bhfuil scóip agus castacht bhuiséad an Aontais ag méadú, tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tiomanta dá ról a chomhlíonadh ó thaobh mór-réimse airgeadais an Aontais a mhúnlú. Trínár n-obair iniúchóireachta neamhspleách, oibiachtúil agus ghairmiúil, táimid tiomanta do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, agus do chuntasacht maidir le húsáid cistí poiblí a áirithiú.



Tony Murphy
Uachtarán

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Iomaíochas eacnamaíoch an Aontais**<br><br>**2024** | Tréimhsí oiliúna do dhaoine óga san Aontas | Athbhreithniú | Machnamh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus ag an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) agus atá ceaptha tacú le fostú agus infhostaitheacht daoine óga. |
| | Intleacht shaorga | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh an Coimisiún éifeachtach maidir le héiceachóras Eorpach a chruthú ar mhaithe le hintleacht shaorga a fhorbairt. |
| | Hidrigin – An beartas tionsclaíoch | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht straitéis an Choimisiúin maidir le bonneagar hidrigine an Aontais don iompar a chur chun cinn, agus ar éifeachtúlacht an chomhchistithe ón Aontas chun tacú le bonneagar hidrigine don iompar a fhorbairt agus a sholáthar go tráthúil sna Ballstáit. |
| | Íocaíochtaí digiteacha | Tuarascáil speisialta | Imscrúdú a dhéanamh féachaint an rannchuidíonn an creat le haghaidh íocaíochtaí digiteacha agus gníomhaíochtaí gaolmhara chomhlachtaí an Aontais le slándáil agus éifeachtúlacht íocaíochtaí den chineál sin. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – An claochlú digiteach | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar rannchuidigh cur chun feidhme infheistíochtaí agus athchóirithe digiteacha a áiríodh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRPanna) ar bhealach éifeachtach le straitéis dhigiteach agus claochlú digiteach an Aontais. |
| | Lipéadú bia | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an gcuireann lipéadú bia san Aontas bonn ar fáil ionas gur féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh nuair a bhíonn a mbia á cheannach acu. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | Aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla laistigh den Aontas | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil córas an Aontais maidir le cáilíochtaí gairmiúla le haghaidh gairmeacha rialáilte a aithint ag tacú go héifeachtach le saorghluaiseacht oibrithe. |
| | Státchabhair i rith géarchéime | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna an Coimisiún rialacha státchabhair a choigeartú chun a gcur i bhfeidhm éifeachtach a áirithiú i ndiaidh COVID-19 agus i ndiaidh ionradh na hÚcráine, agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir Ballstáit na rialacha sin i bhfeidhm. |
| | Geobhlocáil | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí an creat reachtach agus na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le bacainní ar r-thráchtáil trasteorann a bhaint agus cearta tomhaltóirí a chosaint. |
| | Pinsin phríobháideacha | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh féachaint an raibh gníomhaíochtaí an Aontais éifeachtach maidir le hinbhuanaitheacht na gcóras pinsin a áirithiú trí thacú le pinsin phríobháideacha, lena gcuimsítear pinsin cheirde (colún II) agus pinsin phearsanta (colún III). |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Athchóirithe ar mhargadh an tsaothair | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an dtugtar aghaidh ar phríomhriachtanais mhargadh an tsaothair le dearadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe ar an margadh saothair a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Iomaíochas eacnamaíoch an Aontais**<br><br>**2025** | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Athchóirithe sa timpeallacht ghnó | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an ndéantar forbairt gnó a chur chun cinn le dearadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe ar an timpeallacht ghnó a áirítear sna RRPanna. |
| | Tionscal na micrishliseanna | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh an Coimisiún agus Ballstáit éifeachtach agus ar an mbóthar ceart maidir le tacaíocht a thabhairt do thionscal na micrishliseanna a bheadh iomaíoch ar an leibhéal domhanda san Aontas. |
| | Bainistiú dramhaíola cathrach | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar baineadh an úsáid is fearr as na hionstraimí a d'úsáid an Coimisiún (e.g. ionstraimí dlíthiúla, rialála agus airgeadais) agus as na gníomhaíochtaí a chuir na Ballstáit chun feidhme chun cuspóirí an Aontais maidir le dramhaíl chathrach a bhaint amach. |
| | Daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO) agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) éifeachtach ó thaobh tacú le daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) a fhostú. |
| | Ionstraimí airgeadais sa Bheartas Comhtháthaithe | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar lean na Ballstáit d'úsáid a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ó ionstraimí airgeadais nuair nach raibh tréimhse an chláir incháilithe a thuilleadh. |
| | Iompar paisinéirí i gceantair fho-uirbeacha timpeall ar mhórlimistéir chathrach | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht ghníomhaíochtaí an Choimisiúin ina thacaíocht chun freastal ar riachtanais iompair chomaitéireachta thart ar nóid uirbeacha ar ghréasán TEN-T (amhail mórlimistéir uirbeacha). |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | Margadh aonair le haghaidh seirbhísí | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht fhorfheidhmiú an Choimisiúin agus gníomhaíochtaí eile an Aontais chun comhtháthú an mhargaidh aonair do sheirbhísí a neartú tuilleadh. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Athchóiriú an riaracháin phoiblí | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar an dtugtar aghaidh ar phríomhriachtanais an riaracháin phoiblí le dearadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe ar an riarachán poiblí a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. |
| | Tacaíocht ón Aontas d’earnáil na hola olóige | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar chuidigh cúnamh airgeadais agus bearta rialála an Aontais le hearnáil na hola olóige a cuid táirgí a tháirgeadh agus a mhargú go héifeachtúil, agus an gcomhlíonann siad caighdeáin mhargaíochta an Aontais le haghaidh cáilíochtaí éagsúla ola olóige. |
| | Straitéisí um speisialtóireacht chliste | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh féachaint an mbaineann Ballstáit úsáid éifeachtach as straitéisí um speisialtóireacht chliste chun nuálaíocht agus aistriú tionsclaíoch, atá á maoiniú le CFRE, a chothú. D’fhéadfadh sé go scrúdóimis freisin an bhfuil RRF agus bearta cláir an Aontais nó bearta cláir náisiúnta eile ag teacht leis na straitéisí. |
| | Tacaíocht do FBManna atá maoinithe ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh féachaint an dtacaíonn na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) ar bhealach éifeachtach le FBManna chun go mbeidís in ann teacht slán ón ngéarchéim. Is é is aidhm atá leis an iniúchadh freisin ná athbhreithniú a dhéanamh féachaint an bhfuil RRF agus cistí eile an Aontais, a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu, comhordaithe go maith. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Athléimneacht i leith bagairtí ar shlándáil an Aontais, agus urraim do luachanna Eorpacha na saoirse, an daonlathais agus an smachta reachta**<br><br>**2024** | An smacht reachta san Aontas | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh féachaint an uirlis éifeachtach atá sa dlí nua i réimse an smachta reachta, ar a dtugtar an Rialachán maidir le Coinníollacht (RSR), chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar an smacht reachta i réimse chistí an bheartais comhtháthaithe agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. |
| | An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil sé d'acmhainn ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cur go héifeachtach le comhleanúnachas an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES). |
| | An smacht reachta – Tuairisciú | Athbhreithniú | Forléargas a thabhairt ar an Timthriall Athbhreithniúcháin i réimse an Smachta Reachta, le béim ar leith ar an tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta. |
| | An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc | Tuarascáil speisialta | Obair leantach a dhéanamh ar na moltaí a rinneadh in TS 27/2018 agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí an tsnáithe forbartha faoin gcéad tráinse den tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (SDT). |
| | Aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce san Afraic | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar bhain tionscadail a cuireadh chun feidhme trí Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic amach na torthaí a bhí beartaithe, agus go raibh cearta bunúsacha an duine á n-urramú acu ag an am céanna. |
| | Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh féachaint an ndearna na Ballstáit cistí bheartas comhtháthaithe CARE/FAST an Aontais a chur in úsáid go héifeachtach, go héifeachtúil agus go barainneach chun tacú le dídeanaithe atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | Lánpháirtiú na n-imirceach san Aontas | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh tionscadail a fuair cistiú ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht éifeachtúil agus ar bhain siad amach an sprioc go ndéanfaí náisiúnaigh ó thíortha lasmuigh den Aontas a lánpháirtiú go héifeachtach. |
| | Soghluaisteacht mhíleata | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil an Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata, ar réamhriachtanas é d'uathriail straitéiseach an Aontais, ar an mbóthar ceart chun gluaiseachtaí míleata tapa agus gan uaim a éascú laistigh agus lasmuigh den Aontas. |
| | Nósanna imeachta maidir le sárú | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar fhormhaoirseacht an Choimisiúin Eorpaigh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag na Ballstáit, agus go háirithe ar an gcaoi a rannchuidíonn nósanna imeachta maidir le sárú le comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Athléimneacht i leith bagairtí ar shlándáil an Aontais, agus urraim do luachanna Eorpacha na saoirse, an daonlathais agus an smachta reachta**<br><br>**2025** | Straitéis frithchalaoise | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Straitéis Frithchalaoise 2019 an Choimisiúin (CAFS) maidir le calaois a dhéanann difear do chaiteachas an Aontais a chomhrac. |
| | Cistiú ón Aontas d'eagraíochtaí neamhrialtasacha | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil creat fónta forbartha ag an gCoimisiún chun cistiú trédhearcach d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a áirithiú i réimsí beartais inmheánacha roghnaithe. |
| | An soláthar fuinnimh – Pleanáil agus faireachán | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar chuir an Coimisiún, i gcomhar le ACER agus ENTSO-E/G, córais faireacháin leormhaithe i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil pleanáil acmhainní fuinnimh na mBallstát éifeachtach agus i gcomhréir le creat slándála fuinnimh an Aontais don ghás agus don leictreachas, agus féachaint an ndearna an Coimisiún cuspóir an Aontais Fuinnimh a chomhordú go héifeachtach chun soláthairtí gáis a éagsúlú agus cúltacaí a stoc-charnadh. |
| | An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar bharainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht thacaíocht an Aontais do fhreagairt i gcás éigeandálaí agus tubaistí nádúrtha tríd an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM). |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **An t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha**<br><br>**2024** | $CO_2$ ó ghluaisteáin | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an rannchuidíonn creat astaíochtaí CO2 an Aontais do ghluaisteáin nua – atá comhdhéanta de spriocanna/figiúirí astaíochtaí, solúbthachtaí agus préimh astaíochtaí iomarcacha — go héifeachtach le hastaíochtaí CO2 ó ghluaisteáin nua a laghdú. |
| | Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, na Ballstáit chun slándáil soláthair gáis an Aontais san fhadtéarma a neartú, agus chun freagairt don ghéarchéim gáis reatha atá san Aontas. |
| | Pleananna Straitéiseacha CBT | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na Pleananna Straitéiseacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta nua, CBT 2023-2027, forbartha go leordhóthanach chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh, rud a d'éascódh CBT níos glaise. |
| | Aistriú glas (sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil dearadh agus cur chun feidhme na mbeart a áirítear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag teacht le huaillmhianta na mBallstát aistriú glas a thabhairt i gcrích agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí ábhartha an Aontais. |
| | Cáilíocht uisce sáile | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil creat comhleanúnach deartha ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit agus féachaint an gcabhraíonn na beartais a chuireann siad chun feidhme le dul i ngleic le truailliú uisce sáile a thagann ó shoithí in uiscí an Aontais. |
| | Oiriúnú don aeráid | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an dtugtar aghaidh go héifeachtach ar éifeachtaí an athraithe aeráide san Aontas le creat an Aontais agus na mBallstát maidir le hoiriúnú agus cistiú i ndáil le hoiriúnú don aeráid. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | Feirmeoireacht orgánach | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar thacaíocht an Aontais d'fheirmeoireacht orgánach i dtaobh an rannchuidiú a dhéanann sé i dtreo cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais. |
| | Truailliú uirbeach | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus na mBallstát faoi chreat an Aontais chun dul i ngleic le truailliú aeir agus torainn sna limistéir uirbeacha roghnaithe agus teacht ar chonclúid faoina n-éifeachtacht. |
| | Eangacha agus méadair chliste | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil an tAontas ag rannchuidiú go héifeachtach le cur in úsáid eangacha agus méadair chliste, ar príomhchumasóirí iad maidir le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus 2050 a shroicheadh. |
| | Falscaithe i bhforaoisí | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an ndearna an tAontas foraoisí a chosaint go héifeachtach ar fhalscaithe, trí aghaidh a thabhairt ar chosc (lena n-áirítear foraoisiú agus athfhoraoisiú), trí thacú leis an gcomhrac i gcoinne tubaistí den sórt sin, agus trína áirithiú go ndéanfar athchóiriú inbhuanaithe ar fhoraoisí a ndearnadh damáiste dóibh. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **An t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha**<br><br>**2025** | An t-ocras a chomhrac | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil bia éifeachtúil agus éifeachtach. |
| | Clár LIFE 2014/2020 | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar rannchuidigh clár LIFE le cuspóirí beartais chomhshaoil an Aontais a bhaint amach go héifeachtach. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – RePowerEU | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas formheasa do na caibidlí REPowerEU a áirítear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe, ón uair a chuir na Ballstáit a ndréachtchaibidlí faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhair a seiceála agus a ngrinnscrúdaithe go dtí go ndéanann an Chomhairle an formheas críochnaitheach. |
| | Infhaighteacht breosla níos glaise i gcalafoirt | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin (beartas/reachtaíocht agus cistiú) agus an úsáid a bhain na Ballstáit as cistí an Aontais do bhonneagar calafoirt iomchuí chun glasú na gcalafort a fheabhsú. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Beartais fhioscacha agus airgeadas poiblí an Aontais**<br><br>**2024** | Cistí an Aontais a ghnóthú | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar chórais an Choimisiúin chun a áirithiú go ndéanann an tAontas cistí a chaitear go neamhrialta a aisghabháil ar bhealach éifeachtach agus tráthúil. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — Ionsú | Tuarascáil speisialta | Measúnú luath a dhéanamh ar a iomchuí atá dearadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ar a mhéid atá an cur chun feidhme ar an mbóthar ceart, chun éascú a dhéanamh ar ionsú tráthúil na gcistí atá ceaptha rannchuidiú go héifeachtach leis na Ballstáit ó thaobh aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta COVID-19. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Córais rialaithe na mBallstát | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil córais rialaithe na mBallstát atá beartaithe chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint deartha go maith chun cistí a fuarthas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú. |
| | Cistiú dúbailte | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint ar chuir an Coimisiún agus na Ballstáit córais rialaithe agus bainistíochta láidre i bhfeidhm chun cistiú dúbailte caiteachais a maoiníodh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó na cláir faoin mBeartas Comhtháthaithe a sheachaint. |
| | Iomaíocht dhíobhálach chánach san Aontas | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar dhearadh, cur chun feidhme agus éifeachtacht an bheartais agus na mbeart rialála atá glactha ag an gCoimisiún chun calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac san Aontas. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | An acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus neamh-athchúrsáilte | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an ndearna an Coimisiún creat iomchuí a chur ar bun chun an acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus neamh-athchúrsáilte a bhainistiú, agus chun ranníocaíochtaí na mBallstát a bhailiú agus a fhíorú. |
| | Calaois CBL | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an ndéanann an tAontas a leasanna airgeadais a chosaint go héifeachtach nuair a úsáideann trádálaithe nósanna imeachta speisialta a bhaineann le CBL d'allmhairí. |
| | An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán CEIS maidir le hinfheistíocht bhreise agus caipiteal príobháideach a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh agus cásanna d'infheistíocht fho-optamach agus, dá réir sin, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch. |


| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Beartais fhioscacha agus airgeadas poiblí an Aontais**<br><br>**2025** | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Athbhreithniú | Athbhreithniú | Machnamh a dhéanamh ar obair iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus rioscaí, dúshláin agus deiseanna a d'fhéadfadh rannchuidiú le measúnú a dhéanamh ar ionstraim den sórt sin a chur in iúl. |
| | Solúbthacht bhuiséadach ag tráth géarchéime | Tuarascáil speisialta | Scrúdú a dhéanamh ar shásraí solúbthachta bhuiséad an Aontais, agus measúnú a dhéanamh féachaint ar bhain an Coimisiún úsáid iomchuí astu chun buiséad an Aontais sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair a bhainistiú agus é ag dul i ngleic le géarchéimeanna iomadúla. |
| | Ceartuithe airgeadais i gcistí an bheartais comhtháthaithe | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú chóras ilbhliantúil na gceartuithe airgeadais sa Chomhtháthú faoi mar a chuireann na Ballstáit agus an Coimisiún chun feidhme é. Déanfaimid scrúdú ar an bpróiseas trína gceartaítear tionchar na neamhrialtachtaí a sainaithníodh in íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais. |
| | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Córais rialaithe na mBallstát | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an ndéanann córais rialaithe na mBallstát atá ann chun bainistiú a dhéanamh ar chistí a fhaightear ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus, i gcás inarb iomchuí, a cheartú go héifeachtach. |
| | Smachtbhannaí in aghaidh na Rúise | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an dtacaíonn nósanna imeachta an Choimisiúin agus na mBallstát go héifeachtach le cur chun feidhme na smachtbhannaí airgeadais agus trádála a tugadh isteach i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Eile**<br>**2024** | Brústocaireacht ar reachtóirí | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an uirlis éifeachtach é Clár Trédhearcachta an Aontais chun trédhearcacht ghníomhaíochtaí brústocaireachta i mbeartas agus cinnteoireacht an Aontais a áirithiú. |
| | Rialtacht an chaiteachais ar Chomhtháthú le linn thréimhse 2014-2020 | Athbhreithniú | Forléargas a thabhairt ar ár bhfionnachtana iniúchóireachta maidir le rialtacht chaiteachas an Aontais sa Bheartas comhtháthaithe i gcaitheamh thréimhse 2014-2020. |
| | Sábháilteacht ar bhóithre | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais chun a chuspóir a bhaint amach i dtaobh básanna ar an mbóthar a laghdú go dtí beagnach nialas faoi 2050 ('Fís Nialais'). |
| | COVID & Gníomhaireachtaí an Aontais | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a rinne EMA agus ECDC a bhaineann le COVID-19, lena n-áirítear na hullmhúcháin luatha do ráig paindéime anaithnid a d'fhéadfadh tarlú, agus ar ghníomhaíochtaí ábhartha an Choimisiúin. |
| | Córais sláinte i dtíortha comhpháirtíochta | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht thacaíocht an Aontais do chórais sláinte i dtíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear rannchuidiú airgeadais agus rialachais an Choimisiúin le tionscnaimh dhomhanda a bhaineann le sláinte. |
| | Digiteáil an chúraim sláinte | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na dtionscnamh atá curtha i bhfeidhm ag an Aontas – ina ról tacaíochta – agus ag na Ballstáit chun digiteáil na gcóras náisiúnta cúraim sláinte a éascú. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| | TBBF 2023 | Athbhreithniú | Measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas d'Imleabhar I de TBBF 2023 an Choimisiúin:<br>(i) cruinneas na ndearbhuithe feidhmíochta atá cainníochtaithe; agus<br>(ii) comhsheasmhacht le tuarascálacha na Cúirte Iniúchóirí maidir le príomhráitis ón gCoimisiún a bhaineann le feidhmíocht. |
| | Seirbhís shibhialta an Aontais | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil creat leormhaith ag seirbhís shibhialta an Aontais chun acmhainní daonna a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail timpeallacht ghéarchéime a bheith ag maireachtáil i bhfad, brú boilscitheach, nó méaduithe ar an líon Ballstát san Aontas a d'fhéadfadh tarlú. |

| Tosaíocht straitéiseach agus an bhliain foilsithe atá beartaithe | Ainm an taisc | Cineál táirge | Cuspóir an taisc |
|---|---|---|---|
| **Eile**<br><br>**2025** | An straitéis chógaisíochta | Athbhreithniú | Cur i láthair ar an staid reatha maidir le gníomhaíocht an Aontais chun soláthar táirgí cógaisíochta an Aontais a áirithiú, faoi mar atá leagtha amach i Straitéis Chógaisíochta 2020 don Eoraip. |
| | Bainistíocht chianda | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil údar maith le cabhair dhaonnúil AS ECHO a sholáthar trí 'bhainistíocht chianda', agus an bhfuil sé éifeachtach agus éifeachtúil. |
| | Cúnamh don trádáil | Tuarascáil speisialta | Measúnú a dhéanamh féachaint an raibh cur chuige agus idirghabhálacha an Choimisiúin trí Chúnamh AE don Trádáil a bhí dírithe ar na Tíortha is Lú Forbairt éifeachtach. |

# MAIDIR LINNE




*an staid mar a bhí an 16 Deireadh Fómhair 2023*

Is muidne iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Tá Comhalta amháin ó gach Ballstát ag an gCúirt, le tacaíocht ó thart ar 950 ball foirne de náisiúntachtaí uile an Aontais. Táimid lonnaithe i Lucsamburg, agus thosaíomar ag obair in 1977.

Is iad ár **luachanna** ná neamhspleáchas, ionracas, oibiachtúlacht, trédhearcacht agus gairmiúlacht.

Ár **misean**: Trínár gcuid oibre iniúchóireachta atá neamhspleách, gairmiúil agus a bhfuil tionchar aici, déanaimid measúnú ar bharainneacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht an Aontais. Cuidíonn sé sin le feabhas a chur ar chuntasacht, trédhearcacht agus bainistiú airgeadais an Aontais, agus ar an gcaoi sin cuireann sé le hiontaoibh na saoránach as an Aontas. Déanaimid iarracht freagra a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá roimh an Aontas faoi láthair, agus a bheidh ann amach anseo, i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa.

Ár **bhfís**: Tá sé mar aidhm againn a bheith ar thús cadhnaíochta i ngairm na hiniúchóireachta poiblí, agus cur le hAontas Eorpach atá níos athléimní agus níos inbhuanaithe, a sheasann leis na luachanna daonlathacha ar a bhfuil sé bunaithe.

Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais iad ár dtuarascálacha iniúchóireachta, ár n-athbhreithnithe agus ár dtuairimí. Úsáidtear iad chun iad siúd atá freagrach as cur chun feidhme bheartais agus chláir an Aontais a thabhairt chun cuntais: an Coimisiún, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, agus riaracháin náisiúnta.

Ar deireadh, is í an aidhm atá againn ná cabhrú, trínár gcuid oibre, le saoránaigh an Aontais tuiscint níos soiléire a fháil ar an gcaoi a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

# ÁR N-ASCHUR

Cuirimid na nithe seo a leanas ar fáil:

— Tuarascálacha bliantúla maidir le Buiséad ón Aontas, maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta, lena n-áirítear ráiteas dearbhaithe;

— tuarascálacha bliantúla sonracha ina leagtar amach ár dtuairimí iniúchóireachta airgeadais ar gach ceann de ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais;

— tuarascálacha speisialta ar thopaicí iniúchóireachta roghnaithe a fhoilsímid i rith na bliana, go príomha mar thoradh ar iniúchtaí feidhmíochta;

— athbhreithnithe – anailísí tuairisciúla agus faisnéiseacha ar réimsí de bheartas an Aontais nó ar bhainistíocht an Aontais;

— tuairimí, a úsáideann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle nuair atá dlíthe AE agus cinntí eile á bhformheas acu.

**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**
**12, rue Alcide De Gasperi**
**1615 Luxembourg**
**Teil. +352 4398-1**
**Fiosrúcháin: https://eca.europa.eu/ga/Pages/ContactForm.aspx**
**Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu**
**Twitter: @EUAuditors**

**Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).**

**CÓIPCHEART**

**© An tAontas Eorpach, 2023**

Is le Cinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a chuirtear beartas athúsáide Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) chun feidhme.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déanfar ábhar CIE atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear athúsáid, ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear athruithe. Ní fhéadfaidh an t-athúsáideoir bunbhrí ná teachtaireacht na ndoiciméad a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Ní mór duit cearta breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh. I gcás ina bhfaighfear cead, tiocfaidh an cead sin in ionad an cheada ghinearálta thuasluaite agus ní mór aon srian ar úsáid a léiriú go soiléir ann.

B'fhéidir go mbeidh ort cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí agus ní thugtar faoi cheadúnas duit iad.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil smacht ag an gCúirt orthu, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid**
Ní fhéadfar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG
eca-info@eca.europa.eu
eca.europa.eu

CURIA RATIONUM
CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh